BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Seachtú Dlísheomra)

19 Nollaig 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint – Socruithe maidir le ham oibre – Tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla – Airteagal 31(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Treoir 2003/88/CE – Airteagail, 3, 5, 6, 16, 17, 19 agus 22 – Oibleagáid córas a bhunú chun an t-am a chuireann oibrithe tí isteach a thomhas – Maolú – Reachtaíocht náisiúnta maidir le díolúine ón oibleagáid am oibre iarbhír arna chur isteach ag fostaithe tí a thaifeadadh)

I gCás C-531/23 [Loredas] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE ón Tribunal Superior de Justicia del País Vasco (Ard-Chúirt Bhreithiúnais Thír na mBascach, an Spáinn), trí bhreith an 20 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 5 Iúil 2023, sna himeachtaí

HJ

v

US,

MU,

idiragraithe:

Fondo de Garantía Salarial (FOGASA),

tugann AN CHÚIRT (an Seachtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen (Rapóirtéir), Uachtarán an Chéad Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Seachtú Dlísheomra, M. L. Arastey Sahún, Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, agus J. Passer, Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta ó bhéal,

* Teanga an cháis: an Spáinnis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Rialtas na Spáinne, ag M. Morales Puerta, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag I. Galindo Martín, D. Recchia agus E. Schmidt, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagail 3, 5, 6 agus 16, Airteagal 17(4)(b) agus Airteagail 19 agus 22 de Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le heagrú ama oibre (IO 2003 L 299, lch. 9), Airteagail 1 agus 4 de Threoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle (IO 2010 L 180, lch. 1), Airteagail 1, 4 agus 5 de Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (IO 2006 L 204, lch. 23), Airteagail 2 agus 3 de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO 2000 L 303, lch. 16), Airteagal 3(2) CE agus Airteagail 20 agus 21 agus Airteagal 31(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir HJ, oibrí tí, ar thaobh amháin, agus US agus MU, a fostóirí, ar an taobh eile, maidir lena dífhostú agus lena híocaíocht as ragobair a rinneadh agus laethanta saoire nár tógadh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2003/88

3 Foráiltear le hAirteagal 1(1) de Threoir 2003/88 mar seo a leanas:

'Leagtar síos leis an Treoir seo na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte maidir le heagrú ama oibre.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Is mar seo a leanas foclaíocht Airteagal 2 den Treoir sin:

‘Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn:

‘1. “am oibre”: aon tréimhse ina bhfuil an t-oibrí ag obair, ar fáil don fhostóir agus i mbun a ghníomhaíochta nó a dhualgas, i gcomhréir le dlíthe agus/nó cleachtais náisiúnta;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 3 den Treoir sin, dar teideal ‘Tréimhse scíthe laethúil’:

‘Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil gach oibrí i dteideal íostréimhse scíthe laethúil 11 uair an chloig as a chéile le linn gach tréimhse 24 uair an chloig.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 In Airteagal 5 den Treoir sin, dar teideal ‘Raon feidhme’, sonraítear an méid seo a leanas:

‘Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, le linn gach tréimhse 7 lá, go mbeidh gach oibrí i dteideal íostréimhse scíthe gan bhriseadh de 24 uair an chloig móide an 11 uair an chloig de thréimhse scíthe laethúil dá dtagraítear in Airteagal 3.

Má tá údar leis de bharr dálaí oibiachtúla, teicniúla nó eagraithe oibre, féadfar íostréimhse scíthe 24 uair an chloig a chur i bhfeidhm.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 6 de Threoir 2003/88, dar teideal ‘Uas-am oibre seachtainiúil’:

‘Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an méid seo a leanas a áirithiú, i gcomhréir leis an ngá le sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint:

(a) go bhfuil teorainn leis an am oibre seachtainiúil trí bhíthin forálacha reachtacha, rialúcháin nó riaracháin nó trí bhíthin comhaontuithe comhchoiteanna nó comhaontuithe idir comhpháirtithe sóisialta;

(b) ní rachaidh an meán-am oibre do gach tréimhse 7 lá thar 48 uair an chloig, lena n-áirítear ragobair.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 17(1) agus (4) den Treoir sin, dar teideal ‘Maoluithe’, don mhéid seo a leanas:

‘1. Agus aird chuí á tabhairt ar na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint, féadfaidh na Ballstáit maolú ar Airteagail 3 go 6, 8 agus 16 i gcás, mar gheall ar shaintréithe sonracha na gníomhaíochta lena mbaineann, nach dtomhaistear agus/nó nach gcinntear fad an ama oibre roimh ré nó inar féidir leis na hoibrithe féin é a chinneadh, agus go háirithe i gcás:

(a) feidhmeannaigh bhainistíochta nó daoine eile a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta uathrialacha acu;

(b) oibrithe teaghlaigh; nó

[...]

4. I gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, féadfar maoluithe a dhéanamh ar Airteagail 3 agus 5:

(a) i gcás gníomhaíochtaí sealoibre, gach uair a athraíonn an t-oibrí a sheal agus nach féidir leis tréimhsí scíthe laethúla agus/nó seachtainiúla a ghlacadh idir deireadh seala amháin agus tús an chéad seala eile;

(b) le haghaidh gníomhaíochtaí arb é is príomhthréith dóibh tréimhsí oibre a bhristear suas i rith an lae, go háirithe baill foirne atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí glantacháin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear le hAirteagal 22(1) agus (3) den Treoir sin, dar teideal ‘Forálacha ilghnéitheacha’, don mhéid seo a leanas:

‘1. Beidh an rogha ag Ballstát gan Airteagal 6 a chur i bhfeidhm, agus urraim á tabhairt do na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint, agus ar choinníoll go ndéanfaidh sé na bearta is gá chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) nach n-iarrfaidh aon fhostóir ar oibrí a bheith ag obair ar feadh níos mó ná 48 uair an chloig thar thréimhse 7 lá, arna ríomh mar mheán den tréimhse thagartha dá dtagraítear in Airteagal 16(b), mura mbeidh comhaontú faighte aige ar dtús ón oibrí an obair sin a dhéanamh;

(b) nach ndéanfar dochar d’aon oibrí toisc nach bhfuil sé toilteanach a thoiliú a thabhairt chun an obair sin a dhéanamh;

(c) go gcoimeádann an fostóir taifid cothrom le dáta ar na hoibrithe go léir a dhéanann an obair sin;

(d) go gcuirtear na taifid ar fáil do na húdaráis inniúla a fhéadfaidh, ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht agus/nó sláinte oibrithe, toirmeasc nó srian a chur ar an bhféidearthacht na huaireanta oibre seachtainiúla uasta a shárú;

(e) go soláthraíonn an fostóir faisnéis do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin acu maidir le cásanna inar aontaigh oibrithe obair a dhéanamh ar feadh tréimhse níos faide ná 48 uair an chloig thar thréimhse 7 lá, arna ríomh mar mheán don tréimhse thagartha dá dtagraítear in Airteagal 16(b).

[...]

3. Má bhaineann na Ballstáit leas as aon cheann de na roghanna dá bhforáiltear san Airteagal seo, cuirfidh siad an Coimisiún [Eorpach] ar an eolas faoi láithreach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Maidir le Treoir 2006/54

10 Foráiltear le hAirteagal 1 de Threoir 2006/54:

'Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme prionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha.

Chuige sin, tá forálacha sa Treoir seo a cheaptar chun prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) rochtain ar fhostaíocht, lena n-áirítear ardú céime, agus ar ghairmoiliúint;

(b) dálaí oibre, lena n-áirítear luach saothair;

(c) scéimeanna slándála sóisialta ceirde.

Áirítear ann freisin forálacha chun a áirithiú go ndéanfar cur chun feidhme an phrionsabail sin níos éifeachtaí trí nósanna imeachta iomchuí a bhunú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 De réir Airteagal 2(1) den Treoir sin:

'Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn:

[...]

(b) "idirdhealú indíreach": an cás ina gcuirfeadh foráil, critéar nó cleachtas a dhealraíonn a bheith neodrach daoine de ghnéas amháin faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine den ghnéas eile, ach amháin má tá údar oibiachtúil leis an bhforáil sin, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin ar bhonn cuspóir dlisteanach, agus go bhfuil na modhanna chun an cuspóir sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Foráiltear le hAirteagal 4 den Treoir sin, dar teideal ‘Toirmeasc ar idirdhealú’, i mír 1:

‘Maidir leis an obair chéanna nó obair ar comhionann a luach, cuirfear deireadh le hidirdhealú díreach agus indíreach ar fhoras gnéis maidir le gach gné agus gach coinníoll luacha saothair.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 14(1) den Treoir sin:

‘Toirmisctear gach idirdhealú díreach nó indíreach ar fhoras gnéis san earnáil phoiblí ná san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, maidir leis an méid seo a leanas:

[...]

(c) coinníollacha fostaíochta agus oibre, lena n-áirítear coinníollacha dífhostaithe, chomh maith le luach saothair, mar a fhoráiltear in Airteagal [157 CFAE];

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Spáinne

Reacht na nOibrithe

14 Foráiltear le hAirteagal 34(9) den Estatuto de los Trabajadores (Reacht na nOibrithe), sa leagan a d’eascair as Real Decreto-ley 8/2019, de medidas urgentes de protección social y de lucha contra la precariedad laboral en la jornada de trabajo (Foraithne-Dlí Ríoga 8/2019 maidir le bearta práinneacha cosanta sóisialta agus bearta chun éiginnteacht oibre a chomhrac) an 8 Márta 2019 (BOE Uimh. 61 an 12 Márta 2019, lch. 23156) (‘Reacht na nOibrithe’), mar a leanas:

‘Áiritheoidh an gnóthas go ndéanfar am oibre a thaifeadadh go laethúil, lena n-áireofar an t-am beacht a thosaíonn agus a chríochnaíonn lá oibre gach oibrí, gan dochar don tsolúbthacht ama dá bhforáiltear san Airteagal seo.

Déanfar taifeadadh den sórt sin ar am oibre a eagrú agus a bhunú trí chómhargáil nó trí chomhaontú gnóthais nó, ina éagmais sin, trí chinneadh ón bhfostóir tar éis dul i gcomhairle le hionadaithe dlíthiúla na bhfostaithe sa ghnóthas.

Coimeádfaidh an gnóthas na taifid dá dtagraítear san fhoráil seo ar feadh 4 bliana agus beidh siad fós ar fáil d’oibrithe, dá n-ionadaithe dlíthiúla agus don chigireacht saothair agus don tslándáil shóisialta.’

15 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 35 den Treoir sin, dar teideal ‘Uaireanta urghnácha’, i mír 5 di:

‘Chun ragobair a ríomh, déanfar am oibre gach oibrí a thaifeadadh ar bhonn laethúil agus déanfar é a chomhiomlánú an tráth a bheidh socraithe chun an luach saothair a íoc, agus tabharfar cóip den taifead sin don oibrí mar chruthúnas ar an íocaíocht chomhfhreagrach.’

Foraithne Ríoga 1620/2011

16 Foráiltear le hAirteagal 9 de Real Decreto 1620/2011, por el que se regula la relación laboral de carácter especial del servicio del hogar familiar (Foraithne Ríoga 1620/2011 maidir le caidreamh fostaíochta speisialta oibrithe tí) an 14 Samhain 2011 (BOE Uimh. 277 an 17 Samhain 2011, lch. 119046) d'eisceacht ar fhorálacha Reacht na nOibrithe sna téarmaí seo a leanas:

'1. Is é 40 uair an chloig d'am oibre iarbhír a bheidh san am oibre seachtainiúil uasta de ghnáth, gan dochar don am i láthair, ina mbíonn an fostaí ar fáil don fhostóir, a fhéadfar a chomhaontú idir na páirtithe. Socrófar na huaireanta oibre trí chomhaontú frithpháirteach idir na páirtithe.

Tar éis don fhostaí an t-am oibre laethúil agus, i gcás inarb infheidhme, an t-am i láthair a comhaontaíodh a chur isteach, ní bheidh sé d'oibleagáid air fanacht in áit chónaithe an fhostóra.

2. Agus aird chuí á tabhairt ar am oibre uasta agus ar thréimhsí scíthe íosta, cinnfear fad an ama i láthair agus an luach saothair nó an cúiteamh a ghabhann leis i gcomhréir leis na coinníollacha céanna arna gcomhaontú ag na páirtithe. In aon chás, mura gcomhaontóidh siad iad a chúiteamh le tréimhsí scíthe íoctha coibhéiseacha, ní rachaidh an t-am i láthair thar 20 uair an chloig ar an meán in aghaidh na seachtaine le linn tréimhse thagartha míosa agus íocfar tuarastal astu nach lú ná an tuarastal a ghabhann le gnáthuaireanta.

3. Is í an scéim ragoibre an scéim a leagtar síos in Airteagal 35 de Reacht na nOibrithe, faoi réir na bhforálacha a leagtar amach i mír 5 den Airteagal sin.

3a Maidir le hoibrithe páirtaimseartha, níl feidhm ag na hoibleagáidí chun am oibre a thaifeadadh a leagtar síos in Airteagal 12(5)(h) de Reacht na nOibrithe.

[...]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear

17 Ón 15 Meán Fómhair 2020, fostaíodh HJ mar oibrí tí le US agus MU.

18 Tar éis a dhífhostaithe, a tharla an 17 Feabhra 2021, thionscain HJ caingean an 31 Márta 2021 os comhair an Juzgado de lo Social No 2 de Bilbao (Cúirt Oibreachais Uimh. 2, Bilbao, an Spáinn) ag lorg dearbhú go raibh a dhífhostú éagórach agus ag lorg ordú go n-íocfadh a fhostóirí as an ragobair a rinneadh agus as na laethanta saoire nár tógadh. I gcomhthéacs na caingne sin, luann HJ, *inter alia*, go raibh sí fostaithe go lánaimseartha ar olltuarastal míosúil EUR 2 363.04 agus gur oibrigh sí 46 uair an chloig in aghaidh na seachtaine go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2020 agus 79 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ón 19 Deireadh Fómhair 2020 ar aghaidh.

19 Le breithiúnas an 11 Eanáir 2023, sheas an chúirt sin go páirteach leis an gcaingean sin, á dhearbhú go raibh an dífhostú éagórach agus á ordú do na cosantóirí sna príomhimeachtaí suim EUR 364.39 a íoc le HJ mar chúiteamh agus suim EUR 934.89 i leith laethanta saoire nár tógadh agus bónais urghnácha. Os a choinne sin, chinn an chúirt sin nár chruthaigh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí na huaireanta an chloig a oibríodh ná an tuarastal a éilítear, ós rud é nach bhféadfaí a mheas go raibh a cuid éileamh cruthaithe de bhrí nár thug na cosantóirí sna

príomhimeachtaí taifid laethúla den am oibre a chuir an t-oibrí isteach ar aird de bharr go dtugtar díolúine le Foraithne Ríoga 1620/2011 d'fhostóirí áirithe, lena n-áirítear d'aonaid teaghlaigh, ón oibleagáid an t-am oibre arna chur isteach ag an bhfostaithe a thaifeadadh.

20 Rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Tribunal Superior de Justicia del País Vasco (Ard-Chúirt Bhreithiúnais Thír na mBascach, an Spáinn), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

21 Tá amhras ar an gcúirt sin an bhfuil an reachtaíocht náisiúnta maidir leis na rialacha speisialta d'oibrithe tí i gcomhréir le dlí an Aontais.

22 Ar an gcéad dul síos, ós rud é go gcuireann an eisceacht ón oibleagáid ghinearálta maidir le ham oibre a thaifeadadh oibrithe sa bhaile i gcás a fhágann go bhfuil sé deacair an t-am a oibríodh a chruthú, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil cás den sórt sin contrártha le Treoir 2003/88 agus le cásdlí na Cúirte Breithiúnais ina leith sin, go háirithe breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO* (C-55/18, EU:C:2019:402), go háirithe ós rud é nach dtagann an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí faoin saothar teaghlaigh, de réir bhrí na heisceachta dá dtagraítear in Airteagal 17(1)(b) de Threoir 2003/88, ná na heisceachta a chumhdaítear le gníomhaíocht a bhfuil tréimhsí oibre a roinntear le linn an lae mar shaintréith aici, mar a thagraítear di in Airteagal 17(4)(b) den Treoir sin, de bhrí go raibh HJ ag obair go lánaimseartha.

23 Ar an dara dul síos, meabhraíonn an chúirt a rinne an tarchur, mar is léir ó bhreithiúnas an 24 Feabhra 2022, *TGSS (Dífhostaíocht oibrithe tí)* (C-389/20, EU:C:2022:120), gur grúpa 'baineannaithe' go mór é an grúpa d'oibrithe tí sa Spáinn, agus gur mná iad 95 % díobh. Dá bhrí sin, leis an difríocht sa chóir maidir le ham oibre a thaifeadadh i gcomparáid le fir, ardaítear ceisteanna maidir le comhlíonadh Airteagail 20 agus 21 den Chairt agus Threoir 2006/54.

24 Sna himthosca sin, chinn an Tribunal Superior de Justicia del País Vasco (Ard-Chúirt Bhreithiúnais Thír na mBascach) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'Maidir le hAirteagail 3, 5, 6, 16, […], Airteagal 17(4)(b), [agus] Airteagail 19 agus 22 de Threoir 2003/88 [agus], Airteagal 31(2) den [Chairt], ag féachaint do chásdlí an chomhphobail (breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18[, EU:C:2019:402]); Airteagail 20 agus 21 den [Chairt]; Airteagal 3(2) [CE], Airteagail 1 agus 4 de Threoir [2010/41], Airteagail 1, 4 agus 5 de Threoir [2006/54]; Airteagail 2 agus 3 de Threoir [2000/78], i dtaca le cásdlí an chomhphobail (breithiúnas an 24 Feabhra 2022[, *TGSS (Dífhostaíocht oibrithe tí)* (C-389/20, EU:C:2022:120]), an gcaithfear léiriú a dhéanamh orthu ar chaoi go gcuirtear cosc ar riail reachtaíochta leo amhail Airteagal 9(3) de Real Decreto (Foraithne Ríoga) [1620/2011] lena ndíolmhaítear an [fostóir] ón oibleagáid taifead a choinneáil ar uaireanta oibre an oibreora?'

Breithniú ar an gceist a tharchuirtear

25 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagail 3, 5 agus 6 de Threoir 2003/88, arna léamh i gcomhar le Treoracha 2000/78, 2006/54 agus 2010/41, agus Airteagail 20, 21 agus 31(2) den Chairt, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta, faoina bhfuil fostóirí tí díolmhaithe ón oibleagáid córas a bhunú chun an t-am oibre arna chur isteach ag oibrithe tí a thomhas.

26 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon fhaisnéis san ordú tarchuir ónar féidir teacht ar an gconclúid go dtagann an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme fhorálacha Threoir 2000/78 a bhaineann le cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha i gcoitinne, nó fhorálacha Threoir 2010/41 maidir le daoine féinfhostaithe.

27 Ar dtús, ba cheart a choinneáil i gcuimhne nach amháin gur riail a bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi i ndlí sóisialta an Aontais é an ceart atá ag gach oibrí chun teorann ar an am oibre uasta agus chun tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, ach go bhfuil sé cumhdaithe go sainráite freisin in Airteagal 31(2) den Chairt, a aithnítear in Airteagal 6(1) CAE mar cheart a bhfuil an stádas dlí céanna aige agus atá ag na Conarthaí (breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Ní mór forálacha Threoir 2003/88, go háirithe Airteagail 3, 5 agus 6 di, lena sonraítear an ceart bunúsach sin, a léiriú i bhfianaise an chirt bhunúsaigh sin agus ní féidir iad a léiriú go srianta chun aimhleasa na gceart atá ag oibrithe faoin Treoir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, míreanna 31 agus 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gurb é cuspóir Threoir 2003/88 íoscheanglais a leagan síos atá beartaithe chun dálaí maireachtála agus oibre oibrithe a fheabhsú trí chomhfhogasú na reachtaíochta náisiúnta maidir le, *inter alia*, fad ama oibre (breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Is é is aidhm don chomhchuibhiú sin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le heagrú ama oibre cosaint níos fearr ar shábháilteacht agus do shláinte oibrithe a áirithiú, trína áirithiú go mbeidh tréimhsí scíthe íosta ag oibrithe – go háirithe tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla – chomh maith le sosanna leordhóthanacha, agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le huasteorainn ar am oibre seachtainiúil (breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Dá réir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit, ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 5 de Threoir 2003/88, na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil gach oibrí i dteideal, faoi seach, íostréimhse scíthe 11 uair an chloig as a chéile le linn gach tréimhse 24 uair an chloig agus, le linn gach tréimhse 7 lá, íostréimhse scíthe 24 uair an chloig gan bhriseadh agus, ar an dara dul síos, i gcomhréir le téarmaí Airteagal 6(b) den Treoir sin, uasteorainn 48 uair an chloig a leagan síos don mheán-am oibre seachtainiúil, lena n-áirítear ragobair (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, míreanna 38 agus 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Chun a áirithiú go bhfuil Treoir 2003/88 lánéifeachtach, is gá do na Ballstáit, dá bhrí sin, a áirithiú go n-urramaítear na tréimhsí scíthe íosta sin agus nach sárófar an t-am oibre seachtainiúil uasta (breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 A mhéid nach socraítear le hAirteagail 3 agus 5 agus le hAirteagal 6(b) de Threoir 2003/88, áfach, na rialacha mionsonraithe faoina gcaithfidh na Ballstáit cur chun feidhme na gceart dá bhforáiltear leo a áirithiú, tá corrlach breithmheasa ag na Ballstáit chun na rialacha mionsonraithe a ghlacadh faoina bhfuil sé i gceist acu cur chun feidhme na gceart dá bhforáiltear leis an Treoir sin a áirithiú. I bhfianaise an chuspóra bhunriachtanaigh a shaothraítear leis an Treoir sin, áfach, arb é atá ann cosaint éifeachtach do dhálaí maireachtála agus oibre oibrithe

agus cosaint níos fearr dá sábháilteacht agus dá sláinte a áirithiú, ceanglaítear ar na Ballstáit éifeachtacht na gceart sin a áirithiú go hiomlán, trína áirithiú go bhfaighidh na hoibrithe na tréimhsí scíthe íosta laethúla agus seachtainiúla agus an uasteorainn ar an meánam oibre seachtainiúil dá bhforáiltear leis an Treoir sin (féach chuige sin, breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, míreanna 41 agus 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Agus an corrlach breithmheasa sin á fheidhmiú acu, féadfaidh na Ballstáit na rialacha mionsonraithe a shainiú maidir le córas a chur chun feidhme lena bhféadfar fad an ama oibre laethúil a chuireann gach oibrí isteach a thomhas, go háirithe an fhoirm ina mbeidh sé sin, i gcás inarb iomchuí, agus saintréithe gach earnála gníomhaíochta lena mbaineann á gcur san áireamh, nó fiú gnéithe sonracha gnóthas áirithe, go háirithe a méid, gan dochar d'Airteagal 17(1) de Threoir 2003/88, lena gcuirtear ar chumas do na Ballstáit, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta maidir le sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint, maolú, go háirithe, ar Airteagail 3 go 6 den Treoir sin, i gcás nach ndéantar fad an ama oibre, mar gheall ar shaintréithe áirithe na gníomhaíochta arna saothrú, a thomhas agus/nó a réamhchinneadh nó i gcás ina bhféadfaidh na hoibrithe féin é a chinneadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO* (C-55/18, EU:C:2019:402, mír 63).

35 Mar sin féin, ní fhéadfaidh na rialacha mionsonraithe arna leagan síos ag na Ballstáit chun cur chun feidhme cheanglais Threoir 2003/88 a áirithiú in imthosca ar bith na cearta a chumhdaítear in Airteagal 31(2) den Chairt agus in Airteagail 3 agus 5 agus in Airteagal 6(b) den Treoir sin a fhágáil gan bhrí (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 I ndáil leis sin, ba cheart a choinneáil i gcuimhne go meastar gurb é an t-oibrí an páirtí is laige sa chaidreamh fostaíochta, agus gur gá mar sin bac a chur ar an bhfostóir an chumhacht a bheith aige srian ar a chearta a fhorchur air (breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Ar an gcaoi chéanna, ba cheart a thabhairt faoi deara, i bhfianaise na laige sin, go bhféadfaí oibrí a dhíspreagadh óna chearta a dhearbhú go sainráite i leith a fhostóra, ós rud é, go háirithe, go bhféadfadh éileamh na gceart sin é a chur i mbaol bearta arna ndéanamh ag an bhfostóir a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chaidreamh fostaíochta chun aimhleasa an oibrí sin (breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 In éagmais córas a fhágann gur féidir tomhas oibiachtúil agus iontaofa a dhéanamh ar líon na n-uaireanta a chuir an t-oibrí isteach agus ar a leithdháileadh ó thaobh ama de agus ar líon na n-uaireanta a cuireadh isteach de bhreis ar ghnáth-am oibre mar ragobair, dealraíonn sé go bhfuil sé ródheacair, mura bhfuil sé dodhéanta sa chleachtas, d'oibrithe urraim do na cearta a thugtar dóibh le hAirteagal 31(2) den Chairt agus le Treoir 2003/88 a éileamh, d'fhonn leas a bhaint iarbhír as an teorainn ar an am oibre seachtainiúil agus as na híostréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla dá bhforáiltear leis an Treoir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, míreanna 47 agus 48).

39 Shonraigh an Chúirt, maidir leis an oibrí a chur ar a chumas modhanna eile cruthúnais a úsáid chun fianaise a sholáthar maidir le sárú ar a chearta agus chun an dualgas cruthúnais a aisiompú, nach féidir leis sin teacht in ionad córas den sórt sin lena ndéantar taifead go hoibiachtúil agus go hiontaofa ar líon na n-uaireanta arna gcur isteach ag an oibrí go laethúil agus go seachtainiúil, ós rud é gur dócha go mbeadh drogall ar an oibrí fianaise a thabhairt in aghaidh a fhostóra mar gheall

ar an imní go nglacfadh an fostóir bearta i leith an chaidrimh fostaíochta dá aimhleasa (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, míreanna 54 agus 55).

40 I bhfianaise na mbreithnithe sin, chinn an Chúirt, i mbreithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO* (C-55/18, EU:C:2019:402, míreanna 59 agus 71), go gcuirtear cosc le Treoir 2003/88, agus go sonrach le hAirteagail 3, 5 agus 6 di, ar reachtaíocht náisiúnta, amhail reachtaíocht na Spáinne a bhí i bhfeidhm tráth na bhfíoras atá i gceist sa chás inar tugadh an breithiúnas sin, agus ar an léiriú a rinne na cúirteanna náisiúnta ar an reachtaíocht sin, ar dá réir nach gceanglaítear ar fhostóirí córas a chur ar bun lenar féidir fad an ama oibre laethúil arna chur isteach ag gach oibrí a thomhas.

41 Is léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte, tar éis an bhreithiúnais sin, go ndearna reachtas na Spáinne, le Foraithne Ríoga 8/2019, Reacht na nOibrithe a leasú trí oibleagáid ghinearálta a thabhairt isteach, in Airteagal 34(9) de, ar fhostóirí córas a bhunú chun an t-am oibre iarbhír arna chur isteach ag gach oibrí a thaifeadadh.

42 I ndáil leis sin, cuireann Rialtas na Spáinne in iúl, ina bharúlacha i scríbhinn, cé go n-aicmítear caidreamh fostaíochta oibrithe tí mar chaidreamh fostaíochta speisialta i Reacht na nOibrithe, go bhfuil forálacha an Reachta sin, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann leis an oibleagáid am oibre a thaifeadadh, infheidhme maidir le hoibrithe tí, a mhéid nach bhfuil forálacha maolaithe sonracha ann.

43 De réir an Rialtais sin, maidir le ham oibre a thaifeadadh, níl d'fhorálacha maolaitheacha d'Fhoraithne Ríoga 1620/2011 ach na forálacha sin a leagtar síos in Airteagal 9(3) agus (3a) di, a bhaineann, ar an gcéad dul síos, leis na hoibleagáidí clárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 35(5) de Reacht na nOibrithe, a bhaineann le taifead a dhéanamh ar ragobair agus, ar an dara dul síos, in Airteagal 12(4)(c) den Reacht sin, a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar uaireanta an chloig a chuirtear isteach faoi chonarthaí fostaíochta páirtaimseartha.

44 Ós rud é nach gcumhdaítear Airteagal 34(9) de Reacht na nOibrithe le hAirteagal 9(3) agus (3a) d'Fhoraithne Ríoga 1620/2011, níl aon mhaolú ar an oibleagáid am oibre laethúil oibrithe tí a thaifeadadh, contrártha leis an méid is cosúil a bheith i gceist sa léiriú ar Airteagal 9(3) a rinneadh sa chásdlí, nó sa chleachtas riaracháin bunaithe ar an bhforáil sin fiú, lena ndíolmhaítear fostóirí in earnáil na hoibre tí ón oibleagáid am oibre a thaifeadadh.

45 I ndáil leis sin, ba cheart a choinneáil i gcuimhne nach faoin gCúirt atá sé, i gcomhthéacs tarchur chun réamhrialú, rialú a thabhairt ar léiriú na bhforálacha náisiúnta ná a chinneadh an bhfuil léiriú na cúirte a rinne an tarchur ar na forálacha sin ceart. Ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a chur san áireamh, i gcomhthéacs leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir Cúirteanna an Aontais Eorpaigh agus na cúirteanna náisiúnta, an comhthéacs fíorasach agus reachtach lena mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, mar a leagtar amach san ordú tarchuir (breithiúnas an 23 Aibreán 2009, *Angelidaki agus páirtithe eile*, C-378/07 go C-380/07, EU:C:2009:250, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

46 Dá bhrí sin, ní mór an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a thuiscint mar thagairt ní hamháin d'Airteagal 9(3) d'Fhoraithne Ríoga 1620/2011, ann féin, ach freisin do léiriú na forála sin ag na cúirteanna náisiúnta nó don chleachtas riaracháin náisiúnta atá bunaithe ar an bhforáil sin.

47 I ndáil leis sin, ní mór a choinneáil i gcuimhne, de réir cásdlí socair, go bhfuil an oibleagáid atá ar na Ballstáit, a eascraíonn as treoir, an toradh a bheartaítear leis an treoir a bhaint amach agus a ndualgas, faoi Airteagal 4(3) CAE, gach beart iomchuí a dhéanamh, bíodh siad ginearálta nó sonrach, chun comhlíonadh na hoibleagáide sin a áirithiú, ina ceangal ar údaráis uile na mBallstát, lena n-áirítear, i gcás ábhair laistigh dá ndlínse, na húdaráis bhreithiúnacha (breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, mír 68).

48 Dá réir sin, agus an dlí náisiúnta á chur i bhfeidhm, ceanglaítear ar na cúirteanna náisiúnta a léiríonn an dlí sin na rialacha go léir faoin dlí sin a chur san áireamh agus na modhanna léirithe arna n-aithint aige, ar mhaithe le, a mhéid is féidir, léiriú comhréireach a thabhairt i bhfianaise théacs agus chuspóir na treorach atá i gceist chun an toradh arna leagan síos aici a bhaint amach. Áirítear leis an gceanglas go ndéanfar léiriú comhréireach an oibleagáid, ar na cúirteanna náisiúnta, i gcás inarb iomchuí, cásdlí bunaithe a athrú má tá an cásdlí sin bunaithe ar léiriú ar an dlí náisiúnta nach bhfuil i gcomhréir le cuspóirí treorach (breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *CCOO*, C-55/18, EU:C:2019:402, míreanna 69 agus 70).

49 I bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 38 go 40 den bhreithiúnas seo, ní mór a mheas gur léir nach gcomhlíonann an léiriú a tugadh sa chásdlí ar fhoráil náisiúnta nó cleachtas riaracháin atá bunaithe ar fhoráil den sórt sin, faoina ndíolmhaítear fostóirí ó chóras a chur ar bun lenar féidir am oibre laethúil gach oibrí tí a thomhas, agus, dá bhrí sin, lena gceiltear ar oibrithe tí an fhéidearthacht líon na n-uaireanta a cuireadh isteach agus a ndáileadh ó thaobh ama de a chinneadh go hoibiachtúil agus go hiontaofa, forálacha Threoir 2003/88, agus go háirithe na cearta a eascraíonn as Airteagail 3, 5 agus 6 den Treoir sin, arna léamh i bhfianaise Airteagal 31(2) den Chairt.

50 Os a choinne sin, is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 34 den bhreithiúnas seo nach gcuireann an oibleagáid ghinearálta maidir le ham oibre a thaifeadadh bac ar reachtaíocht náisiúnta sainghnéithe a leagan síos i ngeall ar an earnáil gníomhaíochta lena mbaineann nó i ngeall ar shaintréithe sonracha fostóirí áirithe, go háirithe a méid, ar choinníoll go gcuirtear modhanna éifeachtacha ar fáil d'fhostaithe leis an reachtaíocht sin chun comhlíonadh na rialacha a bhaineann, go háirithe, le huas-am oibre seachtainiúil a áirithiú.

51 Dá réir sin, féadfaidh córas lena gcuirtear d'oibleagáid ar fhostóirí fad ama oibre laethúil gach oibrí tí a thomhas, mar gheall ar ghnéithe sonracha earnáil na hoibre tí, foráil a dhéanamh maidir le maoluithe i ndáil le ragobair agus obair pháirtaimseartha, ar choinníoll nach bhfágann na maoluithe sin an reachtaíocht atá i gceist gan bhrí, rud a bheidh le fíorú, sa chás seo, ag an gcúirt a rinne an tarchur, arb aici amháin a bhfuil an dlínse chun an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm.

52 Maidir leis an idirdhealú indíreach líomhainte bunaithe ar ghnéas, ní mór a choinneáil i gcuimhne gur léir ó Airteagal 2(1)(b) de Threoir 2006/54 gur idirdhealú den sórt sin atá i gceist sa chás ina gcuirfeadh foráil, critéar nó cleachtas a dhealraíonn a bheith neodrach daoine de ghnéas amháin faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine den ghnéas eile, ach amháin má tá údar oibiachtúil leis an bhforáil, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin ar bhonn aidhm dhlisteanach, agus má tá na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.

53 Féadfar a shuíomh gurb ann do mhíbhuntáiste faoi leith den sórt sin, go háirithe, má chruthaítear go ndéanann an fhoráil, an critéar nó an cleachtas sin dochar do chionroinnt i bhfad níos mó de dhaoine de ghnéas amháin ná daoine den ghnéas eile. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá na sonraí staidrimh arna dtabhairt ar aird os a comhair iontaofa agus

an gcuirtear san áireamh leo na hoibrithe go léir atá faoi réir na reachtaíochta náisiúnta atá i gceist agus cionroinnt na n-oibrithe faoi seach a bhfuil tionchar ag an difríocht líomhainte sa chóir orthu agus iad siúd nach bhfuil tionchar ag an difríocht líomhainte sa chóir orthu (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *TGSS (Dífhostaíocht oibrithe tí)*, C-389/20, EU:C:2022:120, míreanna 41 agus 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

54 Ní mór don chúirt náisiúnta ní hamháin na hoibrithe uile atá faoi réir na reachtaíochta náisiúnta óna dtagann an difríocht sa chóir a chur san áireamh, ach freisin comparáid a dhéanamh idir cionroinnt na n-oibrithe faoi seach atá agus nach bhfuil tionchar orthu ag an difríocht líomhainte sa chóir i measc an luchta saothair baineann a thagann faoi raon feidhme na reachtaíochta sin agus an chionroinnt chéanna i measc an luchta saothair fhirinn a thagann faoi raon feidhme na reachtaíochta sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *TGSS (Dífhostaíocht oibrithe tí)*, C-389/20, EU:C:2022:120, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 Sa chás seo, is cosúil go bhfuil an chúirt a rinne an tarchur ag brath ar bhreithiúnas an 24 Feabhra 2022, *TGSS (Dífhostaíocht oibrithe tí)* (C-389/20, EU:C:2022:120), agus ar na staitisticí a léirítear ann, chun a mheas go nglactar leis go bhfuil an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí mar chuid de ghrúpa oibrithe ar léir gur grúpa ‘baineannaithe’ é.

56 Dá réir sin, d’fhágfadh an léiriú sa chásdlí ar fhoráil náisiúnta agus/nó cleachtas riaracháin atá bunaithe ar fhoráil den sórt sin, faoina bhfuil fostóirí díolmhaithe óna n-oibleagáid córas a chur ar bun lenar féidir an t-am oibre laethúil do gach oibrí tí a thomhas, go mbeadh oibrithe baineanna faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le hoibrithe fireanna.

57 B’ionann léiriú den sórt sin sa chásdlí agus/nó cleachtas riaracháin agus idirdhealú indíreach ar fhoras gnéis, ach amháin má tá údar leis de bharr imthosca oibiachtúla nach mbaineann le haon idirdhealú ar fhoras gnéis. Is amhlaidh atá má tá cuspóir dlisteanach beartais shóisialta á shaothrú leis an bhforáil lena mbaineann, má tá an fhoráil sin iomchuí chun an cuspóir sin a bhaint amach agus má tá gá léi chun na críche sin, agus é á thabhairt faoi deara nach féidir a mheas go bhfuil an fhoráil sin iomchuí chun an cuspóir atá i gceist a bhaint amach ach amháin i gcás ina bhféachtar leis an gcuspóir a bhaint amach i ndáiríre agus má chuirtear chun feidhme í ar bhealach comhsheasmhach córasach (breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *TGSS (Dífhostaíocht oibrithe tí)*, C-389/20, EU:C:2022:120, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Maidir le toisc oibiachtúil a bheith ann a d’fhéadfadh údar a thabhairt le hidirdhealú indíreach, ní mór a choinneáil i gcuimhne, i gcomhréir leis an gcásdlí, nach féidir glacadh le hidirdhealú den sórt sin ach amháin má shaothraíonn sé cuspóir dlisteanach atá ag luí leis an gConradh agus má tá údar leis ar chúiseanna sáraitheacha ar mhaithe le leas an phobail. Is gá freisin, i gcás den sórt sin, go mbeadh cur i bhfeidhm an bhirt atá i gceist iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar an cuspóir atá i gceist a shaothrú agus nach rachadh sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach, agus é á thabhairt faoi deara nach féidir a mheas go bhfuil sé iomchuí chun an cuspóir atá i gceist a bhaint amach ach amháin i gcás ina bhféachtar leis an gcuspóir a bhaint amach i ndáiríre agus má chuirtear chun feidhme é ar bhealach comhsheasmhach córasach (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *TGSS (Dífhostaíocht oibrithe tí)*, C-389/20, EU:C:2022:120, míreanna 48 agus 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Sa chomhthéacs sin, dhearbhaigh an Chúirt arís agus arís eile, cé go bhfuil corrlach breithmheasa leathan ag na Ballstáit agus iad ag roghnú na mbeart lena gcuirfear ar a gcumas cuspóirí a mbeartais shóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, nach mór don Bhallstát lena mbaineann fós, ina cháil mar údar na rialach a líomhnaítear a bheith idirdhealaitheach, a léiriú go bhfuil údar

leis an riail sin de bharr tosca oibiachtúla nach mbaineann le haon idirdhealú ar fhoras gnéis (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *TGSS (Dífhostaíocht oibrithe tí)*, C-389/20, EU:C:2022:120, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Sa chás seo, níl aon tagairt san iarraidh ar réamhrialú don chuspóir atá á shaothrú leis an gcleachtas atá i gceist sna príomhimeachtaí agus níor thíolaic Rialtas na Spáinne aon bharúlacha ina leith sin.

61 Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé ar deireadh a fhíorú an ionann an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí agus idirdhealú indíreach ar fhoras gnéis, de réir bhrí Airteagal 2(1)(b) de Threoir 2006/54.

62 I bhfianaise an mhéid sin, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagail 3, 5 agus 6 de Threoir 2003/88, arna léamh i bhfianaise Airteagal 31(2) den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta agus ar a léiriú ag na cúirteanna náisiúnta nó ar chleachtas riaracháin atá bunaithe ar reachtaíocht den sórt sin, faoina ndíolmhaítear fostóirí tí ón oibleagáid córas a chur ar bun lenar féidir an t-am oibre arna chur isteach ag oibrithe tí a thomhas agus, dá bhrí sin, lena gceiltear ar oibrithe tí an fhéidearthacht líon na n-uaireanta a cuireadh isteach agus a ndáileadh ó thaobh ama de a chinneadh go hoibiachtúil agus go hiontaofa.

Costais

63 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagail 3, 5 agus 6 de Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le heagrú ama oibre, arna léamh i bhfianaise Airteagal 31(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta agus ar a léiriú ag na cúirteanna náisiúnta nó ar chleachtas riaracháin atá bunaithe ar reachtaíocht den sórt sin, faoina ndíolmhaítear fostóirí tí ón oibleagáid córas a chur ar bun lenar féidir an t-am oibre arna chur isteach ag oibrithe tí a thomhas agus, dá bhrí sin, lena gceiltear ar oibrithe tí an fhéidearthacht líon na n-uaireanta a cuireadh isteach agus a ndáileadh ó thaobh ama de a chinneadh go hoibiachtúil agus go hiontaofa

Sínithe